

# Iarratas ar Léas do Láthair Thástála Mhuirí agus Fuinnimh Inathnuaite Chuan na Gaillimhe

## CEISTEANNA COITIANTA

## Iarratas ar Léas do Láthair Thástála Mhuirí agus Fuinnimh Inathnuaite Chuan na Gaillimhe

Tá Foras na Mara tar éis iarratas ar léas urthrú a dhéanamh do láthair thástála mhuirí agus fuinnimh in-athnuaite i gCuan na Gaillimhe. Beidh an láthair suite ag an láthair thástála reatha don tonnfhuinneamh amach ón gcósta ón Spidéal, Co. na Gaillimhe, agus soláthrófar léi limistéar léasaithe do thaighdeoirí agus dóibh siúd a bhíonn bainteach le forbairt gaireas fuinnimh aigéin inar féidir leo tionairí fréamhshamlacha fuinnimh aigéin agus teicneolaíochtaí gaolmhara a thástáil agus a léiriú. Áirítear leis na saoráidí ar an láthair cábla cumhachta agus sonraí chun cumhacht a thabhairt ón gcladach chuig na gairis arna dtástáil agus an mhonatóireacht chianda agus an bailiú sonraí ag an láthair féin.

Táthar ag moladh go bhfeidhmeoidh an láthair thástála uasghrádaithe ar feadh suas le 35 bliain, le gairis ar an láthair ó thráth go chéile. Bainfidh struchtúr cheithre bheart leis an láthair thástála - trí cinn do thástáil na ngairis, agus ceann amháin don fhaireachlann fohara Smartbay agus d'ionstraimí eolaíochta gaolmhara don mhonatóireacht ag an láthair. Socraítear san iarratas ar léas uasteorainn de thrí ghairis lena n-implonú ag an láthair thástála in éineacht ar feadh tréimhse tástála nach faide ná 18 mí, cé is moite de thuirbín gaoithe snámhach lena mbaineann uastréimhse tástála 12 mí. Ní féidir ach tuirbín gaoithe snámhach amháin a thástáil ar an láthair in éineacht. Táthar ag moladh trí bhá tástála ar an láthair chun ligean do thástáil comhchodanna, mar shampla múrálacha nó cuid de ghairis.

Is éard is aidhm leis an tionscadal ná forbróirí teicneolaíochta tionairí fuinnimh aigéin a chumasú chun a gcuid trealamh a thástáil agus a mhodhnú i saoráid oscailte náisiúnta do láthair thástála chun spreagadh a thabhairt d'fhás tionscail dhúchasaigh um theicneolaíocht fuinnimh aigéin agus mara in Éirinn.

## CEISTEANNA COITIANTA

C. Cad é an leibhéal torainn a ghinfeadh ag an láthair thástála?  
F. Léirítear le gnásanna an tionscail go dtáirgeann an gnáth-thuirbín gaoithe singil leibhéal fuaimbhrú de 50-60 dB(A) ag achar 40m ón tuirbín.\* Ba chosúil le réimse torainn d'inneall báid é an réimse sin.

C. Cad a chloisfidh mé má sheasaim ar an trá is gaire di?  
F. Táirgeann an gnáth-thuirbín gaoithe singil leibhéal fuaimbhrú idir 35-45 dB(A) ag achar 350m arb ionann agus an leibhéal torainn ó ghnáth-chomhrá.\* Is mó ná 1km ón gcladach í an láthair thástála.

Bunaithe ar thástálacha roimhe seo is amhlaidh arb íosta í an torann inchloiste ar an gcladach nuair a bhítear ag tástáil na ngaireas.

Gintear an chuid is mó den torann ag tráthanna gníomhaíochta gaoithe airde agus tonnta arda. Beidh na gairis beagnach gan chorráil le linn tréimhsí socra, agus is amhlaidh dá réir gur beag torann nó gur torann inchloiste ar bith a thiocfaidh ón láthair thástála. Ní sháródh an gaoth a thiocfadh i dtír i rith tréimhsí gaofara an torann nádúrtha sa chúla ón gaoth agus ón bhfarraige.

\* [http://www.seai.ie/Renewables/Wind\\_Energy/Good\\_Practice\\_Wind/TCS\\_11\\_Dealing\\_with\\_Noise.pdf](http://www.seai.ie/Renewables/Wind_Energy/Good_Practice_Wind/TCS_11_Dealing_with_Noise.pdf)  
<http://www.industrialnoisecontrol.com/comparative-noise-examples.htm>

C. Cén chaoi a ndéanfaidh Foras na Mara monatóireacht ar na leibhéil torainn?

F. Déanfaidh Foras na Mara monatóireacht ar an torann mar chuid den phlean monatóireachta comhshaoil (EMP) din láthair thástála. Beidh an EMP bunaithe ar mholtaí ó ghníomhaireachtaí reachtúla i leith an iarratais agus na tionchair fhéideartha leis ar an gcomhshaoil.

C. An ann do leibhéal torainn nach ligfidh Foras na Mara do ghairis chun feidhmiú ar an láthair?


F. Is ann. Na leibhéil truaillithe torainn ag arbh éigean d'Fhoras na Mara gairis a bhaint den láthair; ba sna coinníollacha do cheadú aon léas urthrú a shaineofaí iad. Saineofar na leibhéil úd leis na húdaráis reachtúla ábhartha.

C. Cé chomh hard agus a bheidh na tuirbíní gaoithe snámhacha?

F. Is í 35 os cionn leibhéal na farraige an uasairde le tuirbín gaoithe ar an láthair thástála.

Tá an tuirbín gaoithe arb infheicthe ar bhóthar faoisimh istigh na Gaillimhe ag ceanncheathrú Supermacs 27m in airde, agus is sampla deas é d'airde mheasta aon tuirbín tástála a chuirfí ar a thriail ag an láthair.

Tá na tuirbíní gaoithe atá pleanáilte do Mhaigh Cuilinn agus do Charraigeach na Sceirde 140m in airde, arb ionann agus timpeall ceithre huairde na huasairde a cheadófaí sa tástáil i nGaillimh.



**C. Cén méid gaireas a bheidh ag an láthair thástála in éineacht?**

F. Leagtar amach uasteorainn san iarratas de thrí ghaireas lena n-implonú ag an láthair thástála in éineacht. Is amhlaidh dá réir nach gceadófaí faoi na coinníollacha d'aon léas a cheadófaí ach uasmhéid de thrí ghaireas sa láthair thástála in éineacht.

Níor breithníodh sa mheasúnú comhshaoil ach amháin na tionchair de thuirbín gaoithe snámhach amháin ag an láthair thástála. Is amhlaidh dá réir nach gceadófaí faoi na coinníollacha d'aon léas a cheadófaí ach tuirbín gaoithe snámhach amháin in éineacht.

**C. Cé chomh fada agus a fhanfaidh gaireas ar an láthair dá thástáil?**

F. Moladh san iarratas ar léas go bhféadfaí gairis tonnta agus taoide a thástáil ar an láthair ar feadh chomh fada le 18 mí. Féadfar tuirbín gaoithe snámhach a thástáil ar an láthair ar feadh uastréimhse suas le 12 mí.

**C. Cén fáth an dteastaíonn ó Fhoras na Mara tuirbíní gaoithe a thástáil sa saile?**

F. Agus muid ag caitheamh súil i dtreo na bliana 2030, agus amach chuig an mbliain 2050 fiú, beidh ar Éirinn ár nginiúint fuinnimh in-athnuaite a fhorfhéadú chun ár n-astáíochtaí carbóin a laghdú. Táthar tar éis teicneolaíochtaí a aithint i bPlean Forbartha an rialtais maidir le Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta atá fós i mbéal taighde, forbartha agus léiriúcháin, ar nós na ngaireas tonnta agus taoide agus na gcóras gaoithe snámhach amach ón gcósta a d'fhéadfadh cúnaimh leis an éileamh sin a shásamh. Is cuid rithábhachtach den bhonneagar tástála teicneolaíochta náisiúnta maidir le fuinneamh aigéin in-athnuaite í láthair thástála Chuan na Gaillimhe, is amhlaidh dá réir atáthar tar éis tuirbíní gaoithe a áireamh leis an iarratas chun ligean don teicneolaíocht sin a thástáil i gcomhshaoil aigéin.

**C. Cad iad na cineálacha teicneolaíochtaí a thrialfar ag an láthair thástála?**

F. Cuirtear síos ar na gairis a d'fhéadfaí a thástáil ar an láthair san iarratas ar léas urthrú i gCaibidil 4 den Tuarascáil Comhshaoil. Is leis na coinníollacha d'aon léas urthrú a cheadófaí a chuirfear teorainn le tástáil na dteicneolaíochtaí dóibh siúd ar a gcuirtear síos.

**C. Cén fáth an ndearna Foras na Mara iarratas ar léas 35 bliain i gcomhair na láithreach tástála?**

F. Teastaíonn soláthar na láithreach tástála chun ceann amháin de na heochairthionscnaimh a leagtar amach sa Phlean Forbartha maidir le Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta agus Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin. Cuideoidh sé sin mar bhonn faoi chuspóir sloinnte an Rialtais chun 50GW a tháirgeadh ón bhfuinneamh aigéin faoin mbliain 2050, 35 bliain i ndiaidh na bliana 2015.

Is amhlaidh atáthar ag déanamh iarratais ar léas 35 bliain don láthair thástála ceathrú scála ná chun a chinntiú gur comhsheasmhach iad achar beatha oibriúcháin gach saoráid tástála fuinnimh aigéin náisiúnta. Is comhchuid lárnach de Straitéis Fuinnimh Aigéin na hÉireann í an láthair thástála agus táthar á forbairt i gcomhréir le Plean Forbartha na hÉireann maidir le Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta (OREDP) náisiúnta; osclaíodh foirgneamh Lir na Saoráide Tástála Aigéin Náisiúnta go hoifigiúil i gCorcaigh anuraidh, agus soláthraítear leis tástáil saotharlainne idir scála beag agus meánach de chórais aigéin agus muirí. Ceadaíodh léas urthrú do Láithreach Tástála Fuinnimh Mhuirí an Atlantaigh (AMETS) i mBéal an Mhuirthead sa bhliain 2015 chun éascú do thástáil tiontairí tonnfhuinimh lánscála i gcomhshaoil na farraige oscailte.

**C. An féidir méid na láithreach tástála a mhéadú?**

F. Is ionann achar Láthair Thástála Mhuirí agus Fuinnimh In-athnuaite Chuan na Gaillimhe agus achar na láithreach tástála reatha ag 670m ar fhad faoi 560m ar leithead, a sainítear na comhordanáidí di san iarratas ar léas urthrú. Ní cheadófaí sna coinníollacha d'aon léas urthrú a cheadófaí do mhéadúachar na láithreach tástála.

**C. An bhféadfaí an láthair thástála a thabhairt ar lámh nó a dhíol?**

F. Thoirmiscfí le coinníollacha d'aon léas a cheadófaí go neamhbhalbh do thabhairt ar lámh ná do dhíol an léasa.

**C. Cén áit ar féidir liom a thuilleadh eolais a fháil faoin iarratas ar léas?**

F. Tá an t-iarratas, maille leis na léarscáileanna, pleananna, tuairiscí agus líniochtaí ábhartha ar fáil ar leathanach gréasáin na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ag an seoladh seo a leanas: <http://www.environ.ie/planning/foreshore/applications/marine-institute-spiddal>

Tá cóip den iarratas, agus na léarscáileanna, pleananna, tuairiscí agus líniochtaí ábhartha ar fáil freisin dá n-imscrúdú ag:

Stáisiún Garda Bhóthar na Trá, Bóthar na Trá, Cathair na Gaillimhe (24 uair)

Leabharlann Phoiblí an Spidéil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe (ar an Máirt, ar an gCéadaoin agus ar an Aoine idir 10.30 agus 13.00 uair a chlog agus idir 13.30 agus 17.00 uair agus idir 17.30 agus 19.30 uair, ar an Satharn idir 11.00 agus 15.00 uair, Dúnta ar an Luan, ar an Domhnach agus laethanta saoire poiblí/bainc)

Comhlacht Forbartha An Spidéil Teo, An Spidéal, Co. na Gaillimhe (idir 08.30 agus 16.30 uair Luan – Aoine)

**C. Cén chaoi ar cuireadh an comhairliúchán i gcumarsáid leis an bpobal?**

F. Glacadh fógraí sna nuachtáin náisiúnta i mí na Bealtaine 2016 lenar áiríodh an Irish Times, 19 Bealtaine 2016, An Curadh Connachtach, 19 Bealtaine 2016, The Irish Skipper, 28 Bealtaine 2016 (foilseachán míosúil), The Marine Times, 31 Bealtaine 2016 (foilseachán míosúil), Irish Times, 17 Bealtaine 2016 agus faoin spriocdháta sínithe d'aighneachtaí sa Churadh Connachtach agus sa Galway Advertiser sa tseachtain dar tús 20 Meitheamh.

Rinne Foras na Mara preaseisiúintí agus thug agallaimh ar an raidió áitiúil faoin bpróiseas thar thréimhse mhíonna Aibreáin - an Mheithimh. Cuireadh cruinnithe faisnéise don phobal ar siúl an 19 Eanáir agus an 14 Meitheamh 2016 ar an uasghrádú a bheartaítear agus ar an iarratas ar léas urthrú.

**C. CONAS IS FÉIDIR LIOM CUR LEIS AN gCOMHAIRLIÚCHÁN?**

F. Chun aighneacht a dhéanamh ar na hiarratais ar léas, ba cheart duit amhlaidh a dhéanamh i scríbhinn, agus cúiseanna a lua, **tráth nach déanaí ná 5pm an 2 Lúnasa** (agus an uimhir thagartha FS 006566 a lua), agus an aighneacht a sheoladh chuig An tAonad Urthrú, An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Bóthar an Bhaile Nua, Loch Garman nó an aighneacht a sheoladh ar ríomhphost chuig [foreshore@environ.ie](mailto:foreshore@environ.ie).



**Sonar Teagmhála**  
Foras na Mara, Rinn Mhíl, An tÓrán Mór, Co. na Gaillimhe.

Fón: 091 387200  
Ríomhphost: [testsite.consultation@marine.ie](mailto:testsite.consultation@marine.ie)  
Gréasán: [www.marine.ie/testsiteconsultation](http://www.marine.ie/testsiteconsultation)